Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15231/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0339(NLE)**

**TRANS 534**
**COWEB 144**
**ELARG 141**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, a leasú |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1] ('an Conradh') a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[2]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Cuireadh ar bun Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair arna bhunú leis an gConradh ('an Coiste Stiúrtha') chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha a áirithiú.

(3) De bhun Airteagal 30 den Chonradh, tá an Coiste Stiúrtha inniúil chun rialacha Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair ('an Bhuan-Rúnaíocht') a leagan síos. Faoi Airteagal 35 den Chonradh, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha buiséad an Chomhphobail Iompair agus na rialacha rialaithe airgeadais gaolmhara a ghlacadh.

(4) Le linn an chruinnithe atá le bheith aige an 4 Nollaig 2025, tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh lena leasófar na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBuan-Rúnaíocht nuair atá earraí, oibreacha nó seirbhísí á soláthar aici ar a cuntas féin, mar a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 15 Nollaig 2022 maidir leis an nós imeachta athbhreithnithe is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair chun an buiséad a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh ('Cinneadh Uimh. 2022/02 ón gCoiste Stiúrtha').

---

1 IO L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

2 Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag cinneadh an Choiste sin.

(6) Ba cheart don Aontas tacú le glacadh an Dréachtchinnidh atá i gceangal leis an gCinneadh seo, toisc go simpleoidh sé na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear soláthar earraí agus seirbhísí simplí agus íseal-luacha ag an mBuan-Rúnaíocht, rud atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú cuí leanúnach na Buan-Rúnaíochta.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair arna bhunú leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('an Coiste Stiúrtha') a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ón gCoiste Stiúrtha, a leasú, beidh an seasamh sin bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*